# IFLA- UNESCO Forógra na Leabharlainne Poiblí 2022

Is bunluachanna daonna iad saoirse, rathúnas agus forbairt an phobail agus an duine ar leith. Ní bhainfear a leithéid amach ach amháin trí chumas na saoránach atá ar an eolas a gcearta daonlathacha a fheidhmiú agus ról gníomhach a ghlacadh sa phobal. Braitheann rannpháirtíocht dearfach agus forbairt an daonlathais ar oideachas sásúil chomh maith le rochtain neamhtheoranta saor in aisce ar an eolas, ar an smaoineamh, ar an gcultúr agus ar an bhfaisnéis.

Séard atá sa leabharlann phoiblí ná an tairseach áitiúil chuig an eolas, agus cuireann sí an bunchoinníoll ar fáil le haghaidh foghlaim fadsaoil, cinnteoireacht neamhspleách agus forbairt chultúrtha an duine agus na ngrúpaí sóisialta. Cuireann sé taca faoi phobail shláintiúl an eolais trí rochtain a chur ar fáil ar gach réimse an eolais agus trí cruthú agus roinnt an eolais, lena n-áirítear an t-eolas eolaíoch agus áitiúil, a chumasú gan bacainní tráchtála, teicneolaíochta nó dlíthiúla orthu.

I ngach náisiún an domhain, ach go mór mór sa domhan i mbéal forbartha, cuidíonn an leabharlann lena chinntiú go bhfuil rochtain ar an gceart um oideachas agus um pháirt a ghlacadh i bpobail an eolais agus i saol cultúrtha an phobail ar fáil don oiread sin daoine agus is féidir.

Fógraíonn an Manifesto seo creideamh an UNESCO sa leabharlann phoiblí mar fhórsa beo don oideachas, don chultúr, don chuimsiú agus don fhaisnéis agus mar ghníomhaire riachtanach don fhorbairt inbhuanaithe, agus do chomhlíonadh aonair na síochána agus na folláine spioradálta trí intinn gach duine.

Mar sin, spreagann UNESCO na rialtais náisiúnta agus áitiúla tacaíocht a thabhairt d'forbairt lna eabharlanna poiblí agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu.

**An Leabharlann Phoiblí**

Sí an leabharlann phoiblí ionad áitiúil na faisnéise, a chuireann gach cineál eolais agus faisnéise ar fáil go héasca dá cuid úsáideoirí. Is comhpháirt riachtanach de phobal an eolais í agus oiriúnú leanúnach á dhéanamh acu do mhodhanna nua na cumarsáide chun a n-údarás a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ag cách ar an bhfaisnéis agus le húsáid bhríoch a chumasú do gach éinne uirthí. Cuireann sí spás le nrochtain don phobal air le haghaidh táirgeadh an eolais, roinnt agus malartú na faisnéise agus an chultúir, agus an rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn.

Cruthaíonn leabharlanna pobail, ag síneadh go réamhghníomhach chuig lucht spéise nua agus ag úsáid éisteacht éifeachtach chun tacú le dearadh na seirbhísí a fhreastalaíonn ar na riachtanais áitiúla agus a chuireann le feabhas a chur ar chaighdeán na beatha. Tá muinín ag an bpobal as an leabharlann acu, agus mar mhalairt air sin, is mian leis an leabharlann poiblí a pobal a choinneáil ar an eolas go réamhghníomhach.

Cuirtear seirbhísí na leabharlainne poiblí ar fáil ar bhonn comhionannais na rochtana do chách, beag beann ar aois, eitneachas, inscne, reiligiún, náisiúntacht, teanga, stádas sóisialta agus tréithe ar bith eile. Ní mór seirbhísí agus ábhair ar leith a chur ar fáil dóibh siúd nach féidir leo, ar chúis ar bith, úsáid a bhaint as na gnáthsheirbhísí agus as na gnáthábhair, m.sh. mionlaigh theangeolaíocha, daoine faoi mhíchumas, daoine ar lagscileanna digiteacha, ríomhaireachta nó litearthachta nó daoine san ospidéal nó sa phríosún.

Caithfidh gach aoisghrúpa a bheith in ann ábhar a aimsiú a bhaineann lena gcuid riachtanas. Ní mór gach cineál cuí na meán agus na teicneolaíochtaí nua-aimseartha chomh maith le hábhair thraidisiúnta a chur san áireamh sna bailiúcháin agus sna seirbhísí. Is tréithe bunúsacha iad an t-ardchaighdeán, an ábharthacht do na riachtanais agus do na coinníollacha áitiúla, agus léiriú éagsúlacht teanga agus chultúrtha an phobail. Caithfidh an t-ábhar treochtaí reatha agus éabhlóid an phobail a léiriú, chomh maith le cuimhne na hiarrachta agus na samhlaíochta daonna.

Níor cheart go mbeadh na bailiúcháin agus na seirbhísí faoi réir aon chineál cinsireachta idé-eolaíocha, polaitiúla nó reiligiúnacha, ná faoi aon bhrú tráchtála.

**Misin na Leabharlanna Poiblí**

Ba cheart go mbeadh na príomh-mhisin seo a leanas a bhaineann le faisnéis, litearthacht, oideachas, cuimsitheacht, rannpháirtíocht shibhialta agus cultúr ag croílár seirbhísí na leabharlainne poiblí. Trí na príomhmhisin seo, cuireann leabharlanna poiblí le Spriocanna Inbhuanaithe na Forbartha agus le tógáil pobal atá níos cothroime, níos daonnachtúla agus níos inbhuanaithe.

- Rochtain a chur ar fáil ar raon leathan na faisnéise agus na smaointe saor ó chinsireacht, ag tacú le hoideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ag gach leibhéal chomh maith le foghlaim fad saoil a chumasaíonn saothrú leanúnach, deonach agus féin-seolta an eolais do dhaoine ag gach céim an tsaoil;
- Deiseanna a chur ar fáil d’fhorbairt chruthaitheach an phearsanta, agus le haghaidh na samhlaíocht, na cruthaitheacht, na fiosrachta agus an chomhbhá a spreagadh
- Nósanna léitheoireachta a chruthú agus a neartú i leanaí ó bhreith go haosacht;
- Gníomhaíochtaí agus cláir na litearthachta a thionscnamh, tacú leo agus páirt a ghlacadh iontu chun scileanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta a thógáil, agus forbairt scileanna litearthachta na meán, na faisnéise agus na litearthachta digití a éascú do gach éinne ag gach aois chun críche an phobail eolaigh daonlathaigh a fheistiú;
- Seirbhísí a chur ar fáil dá bpobail go pearsanta agus go cianda trí theicneolaíochtaí digiteacha a cheadaíonn rochtain ar fhaisnéis, ar bhailiúcháin agus ar chláir nuair is féidir;

- Rochtain a chinntiú do gach éinne ar gach cineál faisnéise pobail agus deiseanna d'eagrú pobail, mar aitheantas ar ról na leabharlainne i gcroílár na fabraice sóisialta;
- Rochtain a chur ar fáil dá bpobail ar an eolas eolaíoch, amhail torthaí taighde agus faisnéis na sláinte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shaol a gcuid úsáideoirí, chomh maith le páirt a ghlacadh i ndul chun cinn na heolaíochta a chumasú.
- An dóthain seirbhísí na faisnéise a chur ar fáil don fhiontair, do chumainn agus do ghrúpaí na leasa áitiúla;
- Caomhnú agus rochtain ar shonraí, eolas agus oidhreacht dúchasach na háite (lena n-áirítear an traidisiún béil), ag cur timpeallachta ar fáil inar féidir leis an bpobal áitiúil ról gníomhach a ghlacadh i sainaithint na n-ábhar atá le gabháil, le caomhnú agus le comhroinnt, i gcomhréir le mianta an phobail;
- An idirphlé idirchultúrtha a chothú agus tacaíocht a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha;
- Caomhnú agus rochtain bhríoch ar nathanna agus ar oidhreacht an chultúir a chur chun cinn chomh maith le léirthuiscint ar na healaíona, rochtain oscailte ar an eolas eolaíoch, ar thaighde agus ar nuálaíochtaí, mar a chuirtear in iúl sna meáin thraidisiúnta, chomh maith le hábhar digitithe agus digiteach ó bhunú.

**Maoiniú, reachtaíocht agus líonraí**

Tá an rochtain ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísí na leabharlanna poiblí saor in aisce i bprionsabal. Siad na húdaráis áitiúla agus náisiúnta atá freagrach as na leabharlanna phoiblí. Ní mór dóibh á dtacú le reachtaíocht uasdátaithe ar leith a thagann leis na conarthaí agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta. Caithfear á maoinú ag na rialtais náisiúnta agus áitiúla. Ní mór á bheith mar chuid riachtanach d'aon straitéis fhadtéarmach maidir leis an gcultúr, le soláthar na faisnéise, leis an litearthacht agus leis an oideachas.

Sa ré dhigiteach, ní mór don reachtaíocht chóipchirt agus maoine intleachtúla a chinntiú an cumas céanna ag na leabharlanna poiblí ábhar digiteach a fháil agus rochtain a fháil air ar théarmaí réasúnacha sa chaoi céanna agus a bhaineann le hacmhainní fisiceacha.

Ionas comhordú agus comhoibriú náisiúnta na leabharlainne a chinntiú, ní mór don reachtaíocht agus do na pleananna straitéiseacha líonra náisiúnta leabharlainne a chur le chéile agus a chur chun cinn bunaithe ar chaighdeáin chomhaontaithe na seirbhíse.

Ní mór líonra na leabharlanna poiblí a dhearadh maidir le leabharlanna náisiúnta, réigiúnacha, taighde agus ar leith chomh maith leis na leabharlanna sna scoileanna, sna coláistí agus sna hollscoileanna.

**Oibriú agus bainistíocht**

Ní mór polasaí soiléir a cheapadh a shainíonn na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na seirbhísí maidir le riachtanais an phobail áitiúil. Baineann tábhacht ar leith leis an eolais áitiúil agus le rannpháirtíocht an phobail don phróiseas seo, agus ba cheart na pobail áitiúla a thabhairt isteach sa chinnteoireacht.

Ní mór an leabharlann phoiblí a eagrú go héifeachtach agus ní mór caighdeáin ghairmiúla na hoibríochta a choinneáil.

Caithfidh rochtain fhisiciúil nó dhigiteach a chur ar fáil do gach éinne sa phobal. Éilíonn sé seo foirgnimh leabharlainne atá suite agus atá feistithe go maith agus áiseanna maithe na léitheoireachta agus an staidéir, chomh maith leis na teicheolachtaí ábhartha agus an dóthain uaireanta oibre ar éascaíocht na n-úsáideoraí. Tugann sé le tuiscint mar an gcéanna seirbhísí cian-rochtana a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil in ann cuairt a thabhairt ar an leabharlann.

Caithfear seirbhísí na leabharlainne a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla na bpobal i gceantair thuaithe agus uirbeacha, chomh maith le riachtanais na ngrúpaí imeallaithe, na n-úsáideoirí le riachtanais speisialta, na n-úsáideoirí ilteangacha agus na nDaoine Dúchasacha laistigh den phobal.

Freastalaíonn an leabharlannaí mar idirghabhálaí gníomhach idir na húsáideoirí agus na hacmhainní, idir dhigiteach agus thraidisiúnta. Baineann rí-thabhacht lena dhóthain acmhainní daonna agus ábhartha a chur ar fáil, chomh maith le hoideachas gairmiúil agus leanúnach an leabharlannaí, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha agus amach anseo maidir le leibhéal sásúil na seirbhíse a choinneáil. Ba cheart dul i gcomhairle le lucht ceannais na leabharlainne maidir le sainmhíniú cainníochtúil agus cáilíochtúil ar acmhainní dóthanacha a chur le chéile.

Ní mór cláir for-rochtana um oideachas na n-úsáideoirí a chur ar fáil chun cabhrú le húsáideoirí leas a bhaint as gach acmhainn.

Ba cheart go ndíreodh taighde leanúnach ar mheasúnú a dhéanamh ar thionchar na leabharlainne a mheas agus ar shonraí a bhailiú, d'fhonn leas pobail na leabharlann a léiriú do lucht déanta an bheartais. Ba cheart sonraí staidrimh a bhailiú go fadtéarmach, mar is minic nach bhfeictear na buntáistí a bhaineann le leabharlanna laistigh den phobal ach amháin sna glúnta atá le teacht.

**Comhpháirtíochtaí**

Baineann ríthábhacht le comhpháirtíochtaí a bhunú ionas go bhfreastalaíonn na leabharlanna pobal níos leithne agus níos éagsúla. Ní mór dóibh comhoibriú le comhpháirtithe ábhartha - m.sh. grúpaí úsáideoirí, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cumainn leabharlainne, gnólachtaí agus daoine gairmiúla eile ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta - d'fhonn a leithéid a dhéanamh.

**An Forógra a chur i bhfeidhm**

Iarrtar leis seo ar chinnteoirí ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla agus ar phobal na leabharlainne i gcoitinne, ar fud an domhain, na prionsabail a léirítear san Fhorógra seo a chur i bhfeidhm.